



Mise, Mollser

BEARTÁN FOGHLAMA



Principal Partner
BANK OF AMERICA

DUBLIN CITY COUNCIL
CULTURE COMPANY



abbeytheatre.ie
#MiseMollser

BROLLACH

Fáilte go dtí Beartán Foghlama, acmhainn foghlama cumasctha atá cruthaithe againn mar thionlacan leis an leagan scannáin de *Me, Mollser* le Ali Joy White agus ábhair fhoghlama le Sarah FitzGibbon.

Is é atá in *Me, Mollser* (agus in *Mise, Mollser*, an t-aistriúchán le Caitríona Ní Mhurchú) an chéad mhír dár sraith, *Prímeáil na Canóine*, cnuasach méadaitheach de mhonalóga a coimisiúnaíodh go speisialta lena gcuirtear lucht féachana na hóige ar an eolas faoi chlasaicí drámaíochta na hÉireann. Amharclann na Mainistreach agus an saineolaí drámaíochta oideachais Sarah FitzGibbon a chomhchruthaigh *Prímeáil na Canóine*. Sarah a rinne an chéad dráma a stiúradh agus rinne sí na hacmhainní foghlama do na léiriúcháin ar fad a dhearadh.

Le *Me, Mollser* déantar na daltaí a chur ar an eolas faoi shaol *The Plough and the Stars* le Sean O’Casey, trí scéal láidir an charachtair is leochailí atá ann a insint. Foghlaimimid faoi shaol na dtionóntáin, cás na leanaí, an comhthéacs corraitheach stairiúil (an Frithdhúnadh agus Cáisc 1916) agus an stíl chainte ghléineach a d’úsáid O’Casey chun a scéal a aithris.

Dearadh *Me, Mollser* ar dtús chun é a léiriú in ionaid scoile nó in ionaid ealaíona áitiúla agus tá sé ar camchuairt ó 2012 i leith. Tá sé feicthe ag na mílte dalta ar fud na tíre agus thar lear. Tugadh go Bostún agus Philadelphia é in éineacht le léiriú na Mainistreach ar *The Plough and the Stars* in 2016 agus taibhíodh é i leabharlanna áitiúla.

Cúis áthais dúinn é go bhfuil ár dtogra *Prímeáil na Canóine* ag dul i bhfeidhm ar dhaoine i gcónaí. Creidimid go mbeidh teacht níos furasta air agus go mbeidh fáil ag tuilleadh leanaí fós air a bhuíochas don leagan nua seo, agus gur spreagadh sinn chun teacht ar bhealaí níos cruthaithí chun go mbeidh an scéal níos tarraingtí fós.

Tugann ár stiúrthóir, Sarah FitzGibbon, cuntas níos mine dúinn sa Réamhrá ar an gcaoi ina n-oibríonn ár gcur chuige nua.

Phil Kingston

Bainisteoir Pobail agus Oideachais, Amharclann na Mainistreach

Aistriúchán agus promhadh le Bríd Ní Ghruagáin,
Seán Ó Briain, Áine Ní Laoghaire agus Fionnuala Flaherty

RÉAMHRÁ

Tosaíodh ar *Me, Mollser* a fhorbairt 10 mbliana ó shin agus tá sé ag dul i bhfeidhm ar lucht féachana, idir leanaí, an aos óg agus daoine fásta ó shin. Cúis iontais agus áthais i gcónaí é go bhfuil sé chomh fadsaolach sin toisc go bhfuil an drámaíocht breacshaolach agus go mbíonn sé deacair a dhéanamh amach céard a oibreoidh agus céard é nach n-oibreoidh. Maidir leis an athrú go dtí an spás digiteach ní rud é a rinneadh chomh furasta sin, toisc go dteagmhaíonn an teacht le chéile idir aisteoir agus leanbh, laistigh den spás cairdiúil scoile, leis an draíocht ghearrshaolach sin agus go bhfanann sé san intinn aige go gceann i bhfad, nó go mbeidh sé ina dhuine fásta. Tá Mollser ar marthain liom le fada agus tá a carachtar dóchasach dearfa daingean diongbháilte. Tiocfaidh sí chun cinn i gcónaí agus ar an dóigh sin éiríonn linn í a thabhairt chuig níos mó ranganna scoile agus comhthéacsanna oideachais ná riamh roimhe. Teastaíonn ó Mollser go gcloisfí í agus is gá go gcloisfí í, faoi mar ba chóir gach leanbh a chloisteáil.

Áit a mbíodh an Lastóir Lampaí dár stiúradh, anois is í Nadia a thugann an comhthéacs réamhdhrámata dúinn. Máthair óg as Baile Átha Cliath is í Nadia a bhfuil cion aici ar an stair, cion a eascraíonn as an gceangal pearsanta atá aici leis na Tionóntáin.

Bhí an t-ádh linn agus táimid buíoch go raibh an deis againn scannán a dhéanamh i gceann de na foirgnimh is ansa liom i mBaile Átha Cliath, 14 Sráid Henrietta. Rud an-speisialta don fhoireann aisteoirí, don chriú agus dom féin go raibh *Me, Mollser* á thaifeadadh san fhoirgneamh áirithe sin agus tá súil agam gur léir do dhaoine an méid sin.

An uair seo tá acmhainní níos inbhraite tugtha againn daoibh chun cabhrú libh agus le bhur gcuid daltaí dul i dtaithí ar an gclár. Tá súil againn agus na nithe seo á n-úsáid againn mar aon le pleananna coigeartaithe ár gceachtanna, go rachaidh sé chun tairbhe dár dtairiscint dhigiteach de *Me, Mollser*. Tá pleananna na gceachtanna bunaithe ar chinn a rinneadh laistigh de chomhthéacsanna oideachais agus iad curtha in oiriúint le haghaidh obair i ngrúpaí. Féadfar iad a choigeartú tuilleadh le haghaidh comhthéacsanna fíorúla freisin. Mé féin agus Phil Kingston a dhear iad agus teaghlaim de bhreis agus 50 bliain de thaithí againn i mbun cláir oideachais agus cláir dhrámaíochta oideachais a sheachadadh do dhaoine óga. Ba mhór againn aiseolas a fháil uaibh ina dtaobh. Ba mhór againn freisin aiseolas agus léirmheasanna a fháil ó bhur ndaltaí toisc go gcuidíonn sé sin linn obair nua is díol spéise dóibh a choigeartú agus a fhorbairt.

Táimid buíoch as an tacaíocht leanúnach ó Chomhairle Ealaíon na hÉireann agus ó Bank of America a dhéanann ár gcuid oibre le leanaí agus pobail díchumhachtaithe a mhisniú go tréan. Táim buíoch freisin d’fhoireann Amharclann na Mainistreach as oibriú chomh crua sin chun sinn a choinneáil slán le linn dúinn an leagan digiteach de *Me, Mollser* a chruthú. Tá mé thar a bheith buíoch de Phil Kingston mar chomhdhearthóir chlár *Prímeáil na Canóine*, spreagthóir do rannpháirtíocht laistigh dár n-amharclann náisiúnta agus don drámaíocht do dhaoine óga ar fud na tíre.

Tá súil agam go mbainfidh sibh taitneamh as *Me, Mollser* 2021

Sarah FitzGibbon

Stiúrthóir *Me, Mollser* Príomh-Scríbhneoir *Beartán Foghlama* Comhdhearthóir *Prímeáil na Canóine*

ÁBHAR

3-4 Brollach: Phil Kingston
Réamhrá: Sarah FitzGibbon

6-12 ROIMH RÉ
Scéala Duine Eile a Insint - ceacht roghnach sa drámaíocht agus sa scríbhneoireacht chruthaitheach le Phil Kingston in dhá sheisiún 40 nóiméad.

13-17 AR LÁ SCÁILEÁNAITHE AN SCANNÁIN
Leathán Oibre Léirmheasa Amharclainne roimh Scáileánú
Leathán Oibre Léirmheasa Amharclainne tar éis Scáileánú – Athbhreithniú agus Líníocht

18-43 INA DHIAIDH
Tá tú ag Siúl ar an Stair – ceacht le Sarah FitzGibbon faoi Nadia a bhaineann le Togra Staire Pearsanta (SPHE)

An Saol sna Tionóntáin – scéim drámaíochta le Sarah FitzGibbon i gceithre sheisiún 1 uair an chloig

An Nuachtán: Ard-Oifig an Phoist 1916 agus na hIarmhairtí - ceardlann drámaíochta le Sarah FitzGibbon, bunaithe ar na hábhair foghlama

45 AGUISÍN 1 Praghas Miondíola an Bhia 1914

46-49 AGUISÍN 2 Grianghraif de na Tionóntáin

ROIMH RÉ

SCÉALA DUINE EILE A INSINT

Ceacht sa scríbhneoireacht chruthaitheach agus sa drámaíocht le Phil Kingston. Tabhair faoi deara gur féidir an seisiún seo a dhéanamh mar cheacht réamhdhráma nó mar cheacht iardhráma. Ní gá a bheith gafa leis an bpíosa, cé go bhfeabhsóidh sé an bhaint a bheidh ag do rang leis.

Seisiún 01

Fad: 1 uair an chloig

Fearas:

- grianghraif de na tionóntáin agus de leanaí na dtionóntán atá in Aguisín 2
- pinn
- páipéar

CÉIM 1 Mínigh coincheap na monalóg, le tabhairt le fios gurb é seo a bheidh le feiscint acu sa scannán.

Cainteanna fada iad monalóga, ó dhuine amháin. Úsáidtear san amharclann iad le léiriú a thabhairt dúinn ar smaointe charachtair, smaointe a chabhraíonn linn tuiscint níos fearr a fháil orthu agus ar an scéal. Tá monalóga éagsúil ó scéalaíocht toisc gur gá don aisteoir páirt an charachtair a ghlacadh chomh maith leis an scéal a insint.

Sa cheacht seo, déanfaimid monalóga a iniúchadh le foghlaim conas a bhraitheann sé ligint ort gur duine éigin eile tú, go háirithe duine ó stair na hÉireann.

CÉIM 2 Féach ar na grianghraif atá in Aguisín 2.

Féach ar na leanaí.

Iarr ar an rang cén cineál poist a shíleann siad a bhí ag tuismitheoirí na leanaí seo agus breac síos na freagraí a thugann siad.

CÉIM 3 Is féidir leat freagraí na leanaí a chur le liosta na gceirdeanna a bhí ag na daoine a chónaigh i dtionóntáin Bhaile Átha Cliath ó dhaonáireamh 1911:

- » Bean Ghlantacháin
- » Searbhónta tí
- » Saothraí
- » Póirtéir
- » Teachtaire
- » Péintéir (tithe seachas pictiúr)
- » Siúinéir
- » Fear Poist
- » Táilliúir
- » Oibrí siopa
- » Oibrí monarchan
- » Stíbheadóir (a oibríonn sna duganna)

I ngrúpaí (nó seomraí ar an imeall) roghnaigh ceann de na poist seo agus pléigh saol an duine sin.

- » *Cén t-am a n-éireoidís?*
- » *An ndéanfaidís taisteal chun a gcuid oibre?*
- » *Conas a bhainfidís an áit amach?*
- » *Cé mhéad ama a chaithfidís ag obair?*
- » *An bhfeicfidís a dteaghlach go minic? Cé chomh minic?*
- » *An bhfeicfidís daoine eile go minic?*

[N.B. Ní cruinneas stairiúil atá á lorg againn anseo. Déanfar déileáil leis sin i dtograí eile ar ball. Comhbhá níos leithne atá á lorg againn, agus tuiscint go dtosódh oibrithe go moch agus go gcríochnóidís déanach. Imscrúdaigh an saol a bhí sna tionóntáin, gur beag príobháideachas a bhí ann, agus go raibh spiorad pobail ann toisc róphlódú, thar aon rud eile. B’annamh go mbeadh an áit te tolaí, glan, nó go mbeadh go leor le n-ithe acu.]

CÉIM 4 *Iarr ar na grúpaí*

- » Roinnt de na gluaiseachtaí a bhaineann lena gcuid post a léiriú. [Spreag iad le bheith lánghafa sa ghluaiseacht]
- » Léiriú dúinn conas a bheannóidís do dhaoine eile a chasfadh leo ar an obair (deis le cliarlathais a cheistiú; caithfidimid go héagsúil le comhghleacaí ná le fostóir)
- » Léiriú dúinn conas a d’úsáidfíidís uirlisí oibre nó aon nithe eile a d’úsáidfíidís go laethúil. [Féach le cruinneas a fháil]

Iarr ar na daltaí ceann de na huirlisí nó nithe sin a roghnú, agus a insint don chuid eile den ghrúpa céard é féin.

Iarr ar chuid acu a rá cén fáth a roghnaigh siad é.

Iarr orthu cur síos a dhéanamh ‘sa charachtar’, amhail is gurb iad siúd an duine a úsáideann é gach lá.

CÉIM 5 *Iarr orthu conas a bhraithfeá:*

- » *Dá gcaillfeá é?*
- » *Dá ngoidfeadh duine éigin uait é?*
- » *Dá mbrisfeá é trí thimpiste? Nó trína bheith míchúramach?*
- » *Dá gceannódh duine ceann nua duit?*

Abair leo iarracht a dhéanamh na mothúcháin sin a bhraith ina gcoirp go huile agus iad ag labhairt linn.

Iarr orthu ainm a gcarachtair a scríobh síos, chomh maith lena gcuid oibre, agus roinnt de na mothúcháin a bhraith siad faoina gcuid uirlisí.

SCÉALA DUINE EILE A INSINT

Ceacht sa scríbhneoireacht chruthaitheach agus sa drámaíocht le Phil Kingston. Tabhair faoi deara gur féidir an seisiún seo a dhéanamh mar cheacht réamhdhráma nó mar cheacht iardhráma. Ní gá a bheith gafa go dlúth leis an bpíosa cé go gcabhróidh sé le rannpháirtíocht do ranga.

Seisiún 02

Fad: 1 uair an chloig

Fearas:

- aon sean-bhonn
- na nótaí carachtair a rinne na daltaí sa seisiún roimhe
- pinn
- páipéar

CÉIM 1 Mínigh dóibh céard is frapa ann, ag tabhairt le fios gur ní iniompartha é seachas troscán nó feisteas a úsáidtear ar sheit dráma nó scannáin.

Iarr orthu cé na frapaí atá feicthe acu i léirithe go bhfaca siad le déanaí.

Iarr orthu an bhfuil scannáin agus drámaí éagsúil lena chéile sa chaoi ina n-úsáideann siad frapaí

Iarr orthu an bhfuil gá le gach aon ní i saol duine a bheith ar stáitse má tá tú chun a scéal a insint.

Iarr orthu cén fhrapa a roghnóidís dá mbeadh scéal a mbeatha féin á insint acu.

[Is féidir an mhír seo a leanas a úsáid dá gceapfá go mba chuidiú é.]

Mínigh dóibh nuair a úsáideann aisteoir rud i ndráma, nach mór go mbeadh sé chomh luachmhar céanna dóibh siúd is atá sé dá gcarachtar. Is minic a úsáideann aisteoirí frapaí chun cuidiú leo gné de shaol a gcarachtair a shamhlú. Seo an méid a bhí le rá ag an aisteoir Briotanach Adrian Lester faoin dóigh inar úsáid sé frapa (blaincéad) i ndráma chun an caidreamh a bhí aige lena bhean chéile a mheabhrú dó:

‘Stánaim ar an mblaincéad agus samhlaím na míreanna éagsúla atá nasctha leis an saol a bhí ag Ani agus mé féin. Samhlaím meandar ar an uair a cheannaigh sí é. Na huaireanta a d’fhill mé thar a guaillí é nuair a bhí sí fuar. Bhí mé riamh ann, á coinneáil teolaí, ag cinntiú go raibh sí ceart go leor. Déantar suaitheantas de den ghrá atá agam di.

Is im’ intinn amháin atá sé, áfach. Díreach im’ intinn. Ní insím é don stiúirthóir ná don aisteoir atá i bpáirt mo mhná. Is dom féin atá sé. Mo chuimhne cheaptha atá ann, rud a shuiteálaim i mo thaibhiú féin agus a dhéanann mé a chothú san fhadtéarma. Is iomaí uair, le linn na léiriúchán a rinne mé, a chuaigh m’intinn ar strae chuig nithe eile agus gur rugadh orm agus gur tarraingíodh ar ais mé chuig saol an drama trí shaol samhailteach ní neamhbheo.’

CÉIM 2 Iarr ar na daltaí cé na frapaí a d’fhéadfadh a bheith uathu dá mbeadh siad chun dráma a chruthú faoina gcarachtair sa seisiún roimhe.

CÉIM 3 Mínigh go dtabharfaimid rud nua isteach i saol a gcarachtair.

Don chéad chleachtadh eile againn, féach ar an sean-bhonn. Mínigh go mbaineann an t-aisteoir Hilary Bowen-Walsh úsáid as sean bhonn mar seo sa scannán.

Iarr orthu a shamhlú go bhfuil an bonn airgid sin ag a gcarachtar siúd.

Conas a fuair siad é agus cá gcoinníonn siad é?

[Ábhar breise - le tuiscint a fháil ar luach an bhoinn sin, iarr ar an rang a fháil amach céard d’fhéadfá a fháil ar phingin trí bhreathnú ar an gcairt de phraghsanna stairiúla mar a bhí siad, san Aguisín.

Le tuiscint a fháil ar luach airgid na linne sin, 70 punt, 2 scilling and 3 phingin ba ea ioncam bliantúil múinteora.]

CÉIM 4 Mínigh go mbainfidh siad úsáid as an mbonn chun cabhrú leo monalóg a scríobh atá cosúil leis an gceann sa scannán atá siad ar tí a fheiceáil. Abair leo go bhfuil *Mise, Mollser* timpeall 30 nóiméad ar fhad agus nár mhór don drámadóir Ali Joy White an-chuid ama a chaitheamh ag samhlú conas mar a bhí sé a bheith ina cailín 15 bliana d’aois ina cónaí sna tionóntáin.

Mínigh go bhfuil an aisteoireacht cosúil leis an scríbhneoireacht, mar gur féidir an dá scil a úsáid chun ligint ort gur duine éigin eile tú. Sa cheacht seo táimid ag baint úsáid as an aisteoireacht chun cabhrú linn an scríbhneoireacht a dhéanamh.

Iarr orthu peann agus páipéar a réiteach agus filleadh ar an gcarachtar a chruthaíodar cheana. Ag braistint lena gcoirp uile arís, smaoinidís ar an bpingin atá díreach feicthe acu.

D’fhéadfá na leideanna seo a leanas a athrú, chun an ceacht a threorú:

Samhlaigh cén t-am den lá é. Cá bhfuil tú? An bhfuil daoine eile timpeall, an bhfuil ocras ort, cén teocht é, conas a bhraitheann do chuid éadaí ort?

Samhlaigh anois go bhfuil rud éigin a bhaineann leis an mbonn tar éis olc a chur ort. Scríobh leat ar feadh trí nóiméad gan stad amhail is gur tusa an carachtar sin.

Iarr orthu féachaint ar a gcuid scríbhneoireachta agus cúpla abairt a roghnú inar fhoghlaím siad rud éigin nua, nó inar baineadh geit astu. Nó roghnaigh an dá abairt is fearr.

Iarr orthu cúpla ceann acu a léamh amach os ard. Meabhraigh dóibh a bheith ar buile agus iad á léamh.

Iarr orthu anois scríobh arís ar feadh trí nóiméad ach a shamhlú an tráth seo gur scanraigh rud éigin iad. Is féidir leis a bheith nasctha leis an mbonn, nó gan a bheith.

Amhail mar a rinne tú thuas, athbhreithnigh an obair agus roghnaigh abairt nó dhó.

Déan an rud céanna do rud éigin a thugann ar a gcarachtar a bheith buartha.

Amhail mar a rinne tú thuas, athbhreithnigh an obair agus roghnaigh abairt nó dhó.

Agus ar deireadh - rud éigin mar ábhar dóchais dóibh.

Amhail mar a rinne tú thuas, athbhreithnigh an obair agus roghnaigh abairt nó dhó.

Tabhair nod dóibh leanúint den scríbhneoireacht fiú má bhíonn sí deacair. Uaireanta is cabhair é gan smaoineamh an iomarca ach díreach cromadh ar an scríbhneoireacht.

CÉIM 5 Iarr orthu breathnú siar ar na ceithre phíosca scríbhneoireachta, agus na habairtí a roghnaigh siad as gach ceann acu a bhailiú.

Iarr orthu na habairtí sin a chur le chéile agus léamh tríd mar phíosca nua scríbhneoireachta.

Abair leo gurb í seo an mhonalóg atá acu. Gluaiseann sí ar aistear a thosaíonn leis an mbonn airgid. I dtús báire bíonn an carachtar ar buile; ansin bíonn scanradh air, faitíos ina dhiaidh sin agus dóchas air i ndeireadh thiar. Go hiondúil ní ghluaiseann ár mothúcháin chomh tapaídh sin, ach sin mar a tharlaíonn sa drámaíocht. Iarr orthu féachaint ar an monalóg acu mar aon scéal amháin.

B'fhéidir go n-iarrfá ar dhuine nó beirt sa rang a gcuid oibre a léamh ansin láithreach, nó iarr an bhfuil daltaí sásta a monalóga a fhoghlaím agus iad a thaibhiú an tseachtain dar gcionn.

AR LÁ SCÁILEÁNAITHE AN SCANNÁIN



LEATHÁN RÉAMHSCÁILEÁNAITHE AONAIR

Ba mhór againne in Amharclann na Mainistreach a fháil amach céard a shíleann tú faoinár gcuid oibre. Ba mhaith linn go scríobhfá léirmheas gairid agus b'fhéidir go mba chuidiú iad na leatháin oibre seo. Scríobh ar an leathán seo agus coinnigh é ionas gur féidir leat é a úsáid chun léirmheas ar Mise, Mollser a scríobh tar éis duit é a fheiceáil.

Mo Léirmheas

Féach ar na seanghrianghraif.

Céard atá ag tarlú?

Céard a bhraitheann tú uathu?

Céard a cheapann tú a tharlóidh sa scannán?

Féach ar an bhfíseán réamhbhlaiste. Céard atá ann?

Féach ar an bhfíseán réamhbhlaiste. Céard a bhraith tú uaidh?

DÍREACH SULA MBREATHNAÍONN TÚ AR *MISE*, *MOLLSER*

Céard é a bhfuil súil agat lena fheiceáil?

Céard é a bhfuil súil agat lena chloisteáil?

Céard é a bhfuil súil agat lena bhrath?

LEATHÁN LÉIRMHEASTA IARSCÁILEÁNAITHE AONAIR 1

Gabhaimidne in Amharclann na Mainistreach an-bhuíochas leat as breathnú ar Mise, Mollser. Anois, céard a shíleann tú dár gcuid oibre? Ba mhaith linn go scríobhfá léirmheas gairid agus cuideoidh na leatháin seo leat, ach beidh leathán úr páipéir uait chun do léirmheas deiridh a scríobh amach. Breathnaigh le do thoil do Leathán Réamhscáileánaithe agus ar a raibh súil agat a fheiceáil.

Cad é lena raibh súil agat leis?

Arbh é an rud a raibh súil agat leis, ar deireadh?

An raibh aon rud ann nach raibh súil agat leis?

Céard a chonaic tú lena linn?

Céard a chuala tú lena linn?

Céard a bhraith tú lena linn?


An raibh aon rud áirithe ann a bhfuil glanchuimhne agat air?

An mbreathnófá arís air?

LEATHÁN LÉIRMHEASTA IARSCÁILEÁNAITHE AONAIR 2

Smaoinigh ar na línte a fheiceann tú ar réamhbhlaiseadh scannáin a thugann léirmheastóirí; is maith an smaoineamh é do thuairim a thabhairt in aon abairt amháin, m.sh. Seó den scoth! Ní mór é a fheiceáil! Nó, Seafóid ó thúis deireadh! Tosaigh leis an méid a raibh súil agat leis; abair a bhfaca tú, ar chuala tú agus ar bhraith tú. Ansin, ar deireadh, abair an mbreathnófa arís air, agus do thuairim aon líne.


Mo Léirmheas



Seol an leathán seo chugainn in Amharclann na Mainistreach.

LEATHÁN LÉIRMHEASTA IARSCÁILEÁNAITHE AONAIR 3

Cuimhnigh ar an scannán de Nadia agus Mollser. Cén íomhá a thagann chugat? Is féidir leis an íomhá sin a bheith ina phictiúr, nó d’fhéadfadh sé mothúchán a spreagadh. Go minic, bíonn cuimhne againn ar scéalta mar shraith íomhánna, mar go mbíonn mothúcháin laistigh den íomhá chomh maith. Tarraing rud éigin go bhfaca tú, nó gur bhraith tú. Ná bac focail nó míniú. Díreach tarraing agus dathaigh mar is mian leat.



Seol an leathán seo chugainn in Amharclann na Mainistreach.

INA DHIAIDH



TÁ TÚ AG SIÚL AR AN STAIR

*Ceacht sa scríbhneoireacht chruthaitheach agus stair phearsanta le Sarah FitzGibbon
Scéim ag nascadh SPHE, Stair agus Gaeilge.*

Seisiún 01

Fad: 1 uair an chloig

Fearas:

- Teacht ar mhonalóg Nadia ag tús Mise, Mollser. Tugtar “Gariníon na Mná Glantacháin”, le Sarah FitzGibbon, air freisin. (Níl sé seo éigeantach, ach tá sé ar fáil ó shuíomh gréasáin Amharclann na Mainistreach ar leathanach Me, Mollser.)
- Léarscáil reatha de shuíomh na scoile, nó íomhá Google Maps Street View den suíomh céanna.
- Léarscáil reatha nó léarscáil Google de lár na cathrach i mBaile Átha Cliath

CÉIM 1 Breathnaigh ar Gariníon na Mná Glantacháin arís. Iarr ar an rang aon ainmneacha sráide a luann sí a bhreacadh síos.

Labhraíonn Nadia faoi na háiteanna a théann sí ag siúl gach lá. Siúlann sí tríd na cathrach ó Árasáin Markievicz ar na céanna ó dheas, trasna na habhann, suas Sráid Uí Chonaill, an Rotunda, Sráid Dhoiminic, Sráid Bolton, Sráid Henrietta agus isteach go hÓstaí an Rí, áit a mbíonn sí ag obair. I ndiaidh na hoibre siúlann sí ar ais, bailíonn sí Lexi ó Scoil Náisiúnta Ché na Cathrach agus téann siad go Báisín na Canálach Móire nó na Duganna ar shiúlóid.

CÉIM 2 Cuir suas lár Bhaile Átha Cliath ar Google Maps agus pioc amach a haistear le chéile mar rang. Tabhair faoi deara na háiteanna stairiúla go siúlann sí tharastu.

CÉIM 3 Iarr ar an rang machnamh ar an aistear a dhéanann siadsan gach lá, agus cad iad na háiteanna go dtéann siad tharastu. Oscail léarscáil reatha de shuíomh na scoile, agus roinn leis an rang. Iarr ar gach dalta breathnú ar an léarscáil agus a n-aistear féin ar scoil a phiocadh amach.

CÉIM 4 Cuardaigh le haghaidh suíomhanna speisialta ó thaobh staire áitiúil. An féidir leis an rang an foirgneamh is sine sa cheantar a aimsiú? Má tá sibh i gceantar nua-thógtha, lorg comharthaí den méid a bhí ann roimhe, cosúil le Sráid Henrietta. Smaoinigh ar cé a thóg cinneadh tógáil anseo, cén fáth, agus cad as a dtáinig na daoine atá ina gcónaí anseo anois? Déan plé ar an méid atá mórthimpeall orthu, an aimsir agus aeráid, agus an chuid is fearr agus is fuath leo faoin aistear ar scoil.

CÉIM 5 Lig do na daltaí a n-aistir féin a tharraingt ar leagan clóite den léarscáil.

CÉIM 6 Iarr orthu ocht n-abairtí gearra a scríobh ag déanamh cur síos ar a n-aistear ar lá ar leith, le míniú ar na gnéithe is fearr nó is fuath leo, an aimsir agus na bolaithe.

Coinnigh iad siúd le haghaidh an chéad seisiún eile.

TÁ TÚ AG SIÚL AR AN STAIR

Ceacht sa scríbhneoireacht chruthaitheach agus stair phearsanta le Sarah FitzGibbon Scéim ag nascadh SPHE, Stair agus Gaeilge.

Seisiún 02

Fad: 1 uair an chloig

Fearas:

- An 8 n-abairtí ón seisiún roimhe seo

- Teacht ar chlár bán

- Páipéar

CÉIM 1 Iarr ar an rang an bhfuil cuimhne acu ar an amhrán a chanann Mollser ag deireadh *Mise, Mollser*. Tugadh “Maggie” ar an mbunleagan, ach i ndomhan Mollser, chan Jack Clitheroe é le Nora agus d’aistrigh sé na focail ó Maggie go Nora **mar seo**:

The violets were scenting the woods, Nora
Displaying their charm to the bee
When I first said I loved only you, Nora
And you said you loved only me
The chestnut blooms gleamed through the glade, Nora
A robin sang loud from a tree
When I first said I loved only you, Nora
And you said you loved only me

Thóg an scríbhneoir dhá líne (10 siolla agus 8 siolla), agus déantar athrá orthu ag deireadh gach véarsa. Tá an chéad dá líne éagsúil agus 10 agus 8 siolla iontu siúd freisin, rud a chruthaíonn an pátrún.

Abair leo gur féidir leo an dá líne athráite a athrú beagáinín chun rud éigin óna n-aistear féin a chur isteach; pointe nuair is mian leo filleadh ar an leaba, nó rinne siad dearmad ar an obair bhaile; nó b’fhéidir gur chuimhníodar go raibh sceitimíní orthu faoi rud éigin a tharlódh ar scoil an lá sin – ach ní féidir leo an pátrún 10 agus 8 siolla a athrú.

D’fhéadfadh siad roinnt de na habairtí ón seisiún deireanach a úsáid le dán a scríobh faoina gceantar féin. Ní gá go mbeadh an dán ag baint leis an aistear.

CÉIM 2 Chun na daltaí a réiteach don tasc scríbhneoireachta, iarr orthu scríobhaí a roghnú i ngach grúpa. Tabhair dúshlán cur síos do gach grúpa chun na haidíochtaí, frithghníomhuithe, dobhriathra agus fuaimeanna tuairisciúla ar fad a bhailiú maidir le na frásaí seo a leanas:

» *Buicéad uisce báistí a chaitheamh amach*

» *Mirlín ag titim anuas ón ard*

» *Ubh ag titim ar an urlár*

» *Beach sáinnithe ag an bhfuinneog*

» *Cuirtíní á n-oscailt ar lá geal*

» *Tráta ar roll-chóstóir*

Roinn cuid de na focail ar an gclár bán. Abair leis an rang, más dóigh leo go mbeadh aon cheann de na focail sin oiriúnach le haghaidh na dánta aistir, gur féidir leo iad a úsáid.

CÉIM 3 Iarr ar na daltaí a n-ocht n-abairtí a fháil, agus leathán úr páipéir, agus nóta a bhreacadh de línte gur féidir rím a dhéanamh lena chéile, nó conas go bhféadfaí rím a chruthú trí rud nó dhó a athrú; nó conas go bhféadfadh siad na focail ón gcéim dheireanach a úsáid le línte nua a chruthú le cur síos a dhéanamh ar an méid gur bhraith siad ar an aistear. Ní bheidh gach líne nó focail á úsáid acu, ach déanfaidh siad rogha astu.

CÉIM 4 Mínigh dóibh gur féidir leo cúpla iarracht a dhéanamh, ach gur cuid é sin den phróiseas de dhán a chumadh. Meabhraigh do na daltaí go bhfuil 4 líne i ngach véarsa, le 10 siolla i Líne a hAon, 8 i Líne Dó, agus go bhfuil 10 agus 8 siolla sa dá líne deireanach agus go ndéantar iad a athrá ag deireadh gach véarsa. Iarr orthu trí véarsa a chumadh.

CÉIM 5 Ina ngrúpaí, iarr ar na daltaí a gcéad dréachtaí a roinnt lena chéile, agus cabhrú lena chéile má tá tacaíocht de dhíth.

CÉIM 6 Iarr ar gach dalta machnamh ar cad iad na héifeachtaí fuaime go mba mhaith leo a chur lena saothar – m.sh. an bháisteach, an ghaoth, nó dordán innill. Lig dóibh siúd gur mian leo, a gcuid oibre a roinnt.

CÉIM 7 Iarr ar na daltaí a gcuid dánta faoina n-aistir a roinnt le duine sa chlann atá níos aosta, ar nós seantuismitheoir. Iarr ar na daltaí nóta a bhreacadh síos den méid a deireann an gaol seo faoin aistear a rinne siadsan ar scoil nuair a bhíodar níos óige. D'fhéadfaí é seo a úsáid i ndán eile.

AN SAOL SNA TIONÓNTÁIN

Scéim Drámaíochta a léiríonn conas mar a bhí an saol i 1916 le Sarah FitzGibbon. Scéim drámaíochta a nascann Drámaíocht le Stair (sa chomhthéacs den bhFrithdhúnadh 1913 agus Éirí Amach na Cásca 1916), SPHE (Cearta an Pháiste) agus Gaeilge.

Seisiún 01

(Tabhair faoi deara go mbeidh an seisiún seo ag díriú ar an gcomhthéacs le haghaidh an Éirí Amach)

Fad: 1 uair an chloig

Fearas:

- Deasca bogtha ar leataobh, nó halla
- Íomhánna Chumann Ríoga Ársaíochta na hÉireann atá in Aguisín 2
- Aon ábhar nó foinse staire gur mian leat go n-úsáidfeadh siad ón gCuraclam Staire
- [Cartlann Náisiúnta na hÉireann: An Bochtanas agus an tSláinte](#)

CÉIM 1 Iarr ar an rang cad atá ag teastáil ó dhaoine chun maireachtáil, agus chun dul chun cinn. Cruinnigh na freagraí le chéile ar an gclár bán, agus stóráil an íomhá seo mar go mbeidh sé uait arís ar ball. Déanfar tagairt dó ina dhiaidh seo mar “Leathán Maireachtála”.

CÉIM 2 Mínigh don rang gur mian leat foghlaim faoin saol i dtionóntán i mBaile Átha Cliath tuairim is 105 bliain ó shin. Cruinnigh na céad smaointe a thagann chucu maidir leis an saol sa chathair sin céad bliain ó shin.

CÉIM 3 Is féidir na híomhánna a chuireamar ar fáil a thaispeáint dóibh, le tuairim a thabhairt dóibh faoi na coinníollacha maireachtála. Tabhair fuílleach ama dóibh chun go bhfeicfidh siad noda maidir le conas a bhíodh daoine ag ithe, ag codladh, conas dul go dtí an leithreas, conas cócaireacht, agus conas iad féin a ní. Tá rannóg ar leith ag an gCartlann Náisiúnta maidir le bochtanas i mBaile Átha Cliath ag an am seo, a léiríonn forbairt na dtionóntáin agus an méid daoine a bhí brúite isteach ar a chéile.

CÉIM 4 Inis don rang go mbeidh siad ina ngrúpaí ar feadh cúpla seisiún, agus go mbeidh siad ag cruthú teaghlach ó na tionóntáin ó 1915. Tabhair leathán páipéir do gach grúpa chun na rudaí seo a leanas a bhreacadh síos:

» *A n-ainmneacha*

Ar an taobh eile den leathán, iarr orthu ainmneacha an teaghlaigh cruthaithe a bhreacadh síos, agus an ról atá ag gach ball den teaghlach sin.

I ngach teaghlach beidh:

- » Seantuismitheoir – duine atá fós in ann cabhrú le saol an teaghlaigh
- » Duine 16 bliain d’aois
- » Athair agus / nó Máthair

I measc na gcarachtar eile, b’fhéidir go bhfuil:

- » Páistí eile, ach go mbeidís níos sine ná 8
- » Más féidir é a láimhseáil, d’fhéadfaí frapa a úsáid mar bháibín.

Caithfidh an grúpa ainm a thabhairt do gach aon charachtar sa teaghlach. Tabhair deis do na grúpaí na sonraí seo a bhreacadh síos.

Mar theaghlach, caithfidh siad cinneadh a dhéanamh cé atá freagrach as na rudaí seo thíos:

- » Cé a fhaigheann an gual?
- » Cé a fhaigheann an t-uisce?
- » Cé a théann ag obair? Cén saghas oibre?
- » Cé a dhéanann na héadaí a ní?
- » Cé a réitíonn an dinnéar?
- » Cé a thugann aire don airgead?
- » Cé a ghlanann an tionóntán?

Bíodh sé seo ar fad breactha síos, mar go mbeidh siad uainn don chéad seisiún eile.

CÉIM 5 Iarr ar gach teaghlach (grúpa) ghrianghraf clainne nó íomhá reoite a chruthú agus iad ag seasamh ar chéimeanna an tionóntáin, cosúil leis na cinn a chonaiceadar níos luaithe. Cé atá ag suí? Cé atá seasta?

AN SAOL SNA TIONÓNTÁIN

*Scéim Drámaíochta a léiríonn conas mar a bhí an saol i 1916 le Sarah FitzGibbon.
Scéim drámaíochta a nascann Drámaíocht le Stair (sa chomhthéacs den bhFrithdhúinadh
1913 agus Éirí Amach na Cásca 1916), SPHE (Cearta an Pháiste) agus Gaeilge.*

Seisiún 02

(Tabhair faoi ndeara go mbeidh an seisiún seo ag díriú ar an gcomhthéacs le haghaidh an Éirí Amach, ach déanfaimid na tionóntáin a athchruthú freisin. Le cúrsaí mar atá inniu ann, déan an seisiún a athrú de réir mar is gá, chun cloí le hobair ón deasc, nó an seisiún a bhogadh lasmuigh más gá, go clós na scoile.)

Fad: 1 uair an chloig

Fearas:

- Na leatháin teaghlaigh ón seisiún roimhe
- An t-uafás téip chumhdaigh
- Bata méadair
- Ceamara
- Na híomhánna atá in Aguisín 2

CÉIM 1 Inis don rang go bhfuil tú chun na tionóntáin a mheas ó thaobh méid de. Taispeáin dóibh na híomhánna den taobh istigh. Iarr orthu na gnáth-ghnéithe sna seomraí a liostáil, m.sh. tinteán, fuinneog, leaba. Iarr orthu conas mar a dhéanadh teaghlach a seomra a mhaisiú fadó. Tabhair ar ais dóibh na leatháin eolais teaghlaigh chun gur féidir leo iad a sheiceáil.

CÉIM 2 Tá gach seomra ranga éagsúil óna chéile, agus le na srianta atá i bhfeidhm faoi láthair, déan tusa meas ar an méid spáis gur féidir leat a thabhairt do gach aon teaghlach – is leor dul timpeall ar a ndeasca. Agus na srianta ardaithe, molaim greille boscaí, 6 chinn in iomlán agus gach ceann acu 1 x 2 méadar.

Príomhspríoc an tseisiúin ná ligint don rang a mhothú dóibh féin a laghad spáis atá ar fáil – spás dóibh féin, príobháideachas, drochshláinteachas, ach chomh maith le sin, an spiorad phobail a bheadh sna tionóntáin.

Beidh spás amháin ag gach teaghlach, agus beidh an spás deireanach comónta, ar nós halla iontrála. Marcáil amach doras agus na céimeanna lasmuigh.

CÉIM 3 Lig do na teaghlaigh cinneadh a dhéanamh cá bhfuil gach rud sa tseomra: an tinteán agus an doras, mar shampla. Iarr orthu an bhfuil cuirtín crochta le haghaidh príobháideachas, agus cá mbeadh sé. Cá dtéann siad a chodladh?

Measaim go bhfuil sé cabhrach é seo ar fad a mharcáil le téip.

Nuair is dóigh leat go bhfuil gach teaghlach sásta leis an leagan amach, bog ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile.

CÉIM 4 Abair leis na teaghlaigh úsáid a bhaint as an eolas atá acu maidir le saol an teaghlaigh agus an seomra tionóntán don chéim seo. Tá sibh chun beochan “íomhá ar íomhá” nó sraith pictiúr a chruthú thar 24 uair an chloig. Mar ullmhúchán, ba chóir do gach teaghlach sa tionóntán íomhánna reoite a chruthú ag amanna difriúla sa ló.

Meabhraigh dóibh go ligfeadh roinnt acu cuairteoirí isteach sa spás, agus nach ligfeadh roinnt eile, ach don chéim seo ní bheidh aon chuairteoirí i gceist.

Freisin, abair leo má fhágann carachtar an tionóntán i rith an lae chun dul ag obair, ba chóir don dalta sin suí ar leataobh ag fanacht go bhfuil sé in am dóibh filleadh. Tá sé tábhachtach seiceáil leis na daltaí seo cá bhfuil siad ag imeacht, agus cén obair atá ar siúl acu.

Abair leo go rachaidh tú tríd na híomhánna seo uair amháin n ord, chun iad a chleachtadh, sula n-úsáideann tú an ceamara.

Glaigh amach na hamanna seo sa ló, is lig dóibh na híomhánna a chruthú:

- » Breacadh an lae, tuairim is 6 a’chlog.
- » 10 a’chlog
- » 1 a’chlog

Cuir sos beag isteach anseo chun ligint dóibh comhrá agus iniúchadh a dhéanamh. Más dóigh leat gur féidir leis an ngrúpa dul tríd gan sos, ar aghaidh leat. Bhraith mise gur féidir leis an aicsean éirí pas beag giodamach, agus ansin imíonn an díriú.

- » 4 a’chlog
- » 6 a’chlog – clog an aingil
- » 8 a’chlog
- » Meán oíche

CÉIM 5 Tabhair comhaireamh go deich do na grúpaí bogadh ó íomhá amháin go híomhá eile, agus tosaigh an lá ag a 6 ar maidin. Oibrigh tríd an lá, ag glacadh grianghraf de gach íomhá reoite. Cabhraíonn sé má mheabhraíonn tú dóibh smaoineamh ar a ngotha gnúise roimh thosnú.

CÉIM 6 Nuair a bhíonn na grianghraif tógtha, iarr ar na daltaí cad atá foghlamtha acu ón gceacht seo faoin saol sna tionóntáin. Iarr orthu an bhfuil in easnamh orainn sa saol inniu mar nach bhfuilimid ag maireachtáil sa tslí sin a thuilleadh.

CÉIM 7 Iarr orthu aon fhíricí nua a bhreacadh síos a d’fhoghlaim siad ón seisiún seo, m.sh. cé a bhí ag obair, agus cén saghas oibre a bhí ann? Cad as a dtáinig teacht isteach an teaghlaigh?

GNÍOMHAÍOCHT MOLTA

Cruthaigh taispeántas sleamhnán de na híomhánna in ord, chun lá i saol na dtionóntáin a léiriú.

AN SAOL SNA TIONÓNTÁIN

Scéim Drámaíochta a léiríonn conas mar a bhí an saol i 1916 le Sarah FitzGibbon.

Scéim drámaíochta a nascann Drámaíocht le Stair (le comhthéacs Frithdhúnadh 1913 agus Éirí Amach na Cásca 1916), SPHE (Cearta an Pháiste) agus Gaeilge.

Seisiún 03

Fad: 1 uair an chloig

Fearas:

- Déan na rólchartaí a phriontáil amach (le tabhairt amach ag deireadh an tseisiúin)

- Leathán páipéir

CÉIM 1 Tarraing líne síos an páipéar nó ar an gclár bán agus abair leis an rang gur seo an amlíne. Rachaidh sé ó 1900 go dtí 1916. Iarr orthu smaoineamh ar aon eachtra atá ar eolas acu a tharla le linn na tréimhse sin. Cé gur féidir leo an tÉirí Amach a phlé ó thaobh na drámaíochta de, níl sé tar éis tarlú fós. B’fhéidir go mbeidh ort cabhrú leo roinnt de na heachtraí agus fórsaí polaitiúla éagsúla a aimsiú sa tréimhse seo in Éirinn. Ba bhreá an rud é Conradh na Gaeilge a chur san áireamh; Amharclann na Mainistreach 1904; Rialtas Dúchais; Cúnant Ulaidh 1912; Frithdhúnadh Bhaile Átha Cliath 1913 agus an chéad Chogadh Domhanda 1914-1918.

Iarr ar an rang bheith ag smaoineamh agus ag plé faoin tionchar a bheadh ag na gluaiseachtaí agus na heachtraí seo ar na teaghlaigh againne roimh Cháisc 1916.

CÉIM 2 Abair leo go mbeidh béile le chéile ag gach teaghlach. Lig do gach grúpa an bord a réiteach agus socrú cad iad na cúraimí a bheidh ar gach ball chun ullmhú don bhéile. I ngach teaghlach tá déagóir in aois 16. Iarr orthu teacht sall chugat mar go bhfuil tú chun eolas a roinnt orthu fad is atá an dream eile ag ullmhú rudaí.

Inseoidh siad a gcuid nuachta don chuid eile i rith an bhéile. Déanfaidh na baill teaghlaigh eile machnamh ar phíosáí nuachta eile go mb’fhéidir go bhfuil siadsan ag iarraidh iad a roinnt.

Tabhair rólcharta do gach seantuismitheoir. Meabhraigh dóibh gan an t-eolas a lua ach amháin le linn an bhéile.

Tabhair rólcharta do gach déagóir in aois 16, agus meabhraigh dóibh gan an t-eolas a lua ach amháin le linn an bhéile.

- CÉIM 3** Iarr ar gach grúpa tosú ar an mbéile, agus abair leo go dtabharfaidh tusa comhartha, is go dtiocfaidh na déagóirí isteach ansin agus tosóidh an radharc. Lig do gach teaghlach dul tríd an radharc chomh fada agus is féidir leo. Ansin reoigh an t-aicsean.
- CÉIM 4** Déan gach grúpa a mhioncheistiú faoin méid a tharla agus conas mar a mhothaíonn siad. Iarr ar gach grúpa plé a dhéanamh faoin méid a tharlóidh ina dhiaidh sin. Lig don déagóir a rá cad a tharla ina scéal féin, agus tabhair cuireadh do na teaghlaigh aon eolas breise a chur le scéal an teaghlaigh.
- CÉIM 5** Ar ais go dtí an amlíne. Déan athbhreithniú ar na heachtraí a bhí ag tarlú ag druidim leis an Éirí Amach. Iarr ar an rang, tar éis an bhéile teaghlaigh, an bhfuil focail ar leith acu chun cur síos ar an atmaisféar i measc na dteaghlaigh ag an am seo; focail ag cur síos ar an atmaisféar sna tionóntáin ag an am seo; focail ag cur síos ar an atmaisféar i mBaile Átha Cliath ag an am seo, agus focail chun cur síos ar an atmaisféar in Éirinn ag an am.

RÓLCHARTAÍ LE HAGHAIDH SEISIÚN 3

DÉAGÓIR 16 BL. D’AOIS, TEAGHLACH 1:

Tá tú chun dul isteach in Arm Cathartha na hÉireann faoi James Connolly. Glaofar ort chun troda agus bás a fháil má tharlaíonn an réabhlóid. Nuair a labhraíonn Mollser faoi Jack Clitheroe, fear céile Nora, labhraíonn sí faoin é a bheith ‘amuigh leis an Arm Cathartha istoíche’.

NÓTA: Sé a bhí in Arm Cathartha na hÉireann ná óglaigh ceadchumann traenáilte a bunaíodh chun oibrithe a chosaint le linn Frithdhúnadh 1913, ag James Larkin agus Jack White. Cuireadh ath-eagar orthu i 1914. I mí Dheireadh Fómhair 1914 cuireadh James Connolly i gceannas ar an Arm. Dar leis siúd, bhí an ACÉ ina eagraíocht tiomnaithe chun poblacht sóisialach Éireannach a chruthú. Thug sé tamall in arm na Breataine agus é óg agus bhí eolas éigin aige ar theaicticí míleata agus disciplín. Bhí fáilte roimh fhir agus mná san eagraíocht seo, agus fuair siad araon traenáil ar conas uirlisí troda a úsáid. Bhí an ceanncheathrú acu i bhfoirgneamh den ITGWU, Halla na Saoirse, agus muintir Bhaile Átha Cliath a bhí iontu go léir, nach mór. Ball clúiteach eile ab ea Constance Markiewicz, agus Francis Sheehy-Skeffington chomh maith. I 1916, ghlac siad páirt in Éirí Amach na Cásca – an iarracht armtha a raibh mar aidhm acu deireadh a chur le riail na Breataine in Éirinn.

DÉAGÓIR 16 BL. D’AOIS, TEAGHLACH 2:

Cosúil le Mollser, ní bhraitheann tú rómhaith agus inné bhí fuil ann nuair a bhí tú ag casachtach. Tá an eitinn an-choitianta sna tionóntáin; fuair athair Mollser bás den eitinn chomh maith. Níl a fhios agat conas a tháinig sé ort, ach tuigeann tú go bhfaighidh tú bás leis, b’fhéidir.

NÓTA: Bhí an eitinn an-choitianta sna tionóntáin i mBaile Átha Cliath. Téann sé i bhfeidhm ar na scamhóga agus áiteanna eile sa chorp chomh maith. Leathann sé tríd an aeir nuair a bhíonn casacht ar an othar, nó ligeann sé sraoth as nó ar bhealaí eile, le seile.

Is minic nach mbíonn aon chomhartha go bhfuil an eitinn ar dhuine, ach in aon chás as deich, agann an galar ar aghaidh agus muna gcuirtear cóir leighis orthu, faigheann 50% bás den ghalar.

Na comharthaí a bhaineann leis an eitinn ná droch-chasacht le fuil sa seile; fiabhras; allas oíche agus meáchan a chailliúint. Tugadh ‘coinsinseam’ air chomh maith. Bhí na rátaí eitinne i measc daoine bochta i mBaile Átha Cliath 50% níos airde ná mar a bhíodar i Sasana nó in Albain.

DÉAGÓIR 16 BL. D’AOIS, TEAGHLACH 3:

Smaoinigh nuair labhair Mollser faoin Covey, leis an carabhat dearg, atá ina chónaí le Nora agus Jack. Deireann sí linn gur Cumannach é. Cosúil leis an Covey, chinn tusa ar bheith i do bhall de cheardchumann an ITGWU agus páirtí sóisialach na hÉireann. Creideann tú go bhfuil dúshaothrú á imirt ar na hoibrithe le fada. Bíonn dianchumannaigh mar tusa i gcoinne reiligiúin eagraithe, cosúil leis an Eaglais Chaitliceach. Creideann tú go mbaineann dream na cumhachta úsáid as an eaglais chun go mbeadh na hoibrithe fear agus ban buíoch as a bhfuil acu, gan bheith ag santú nó ag troid ar son feabhais.

NÓTA: Aighneas mór tionsclaíoch a bhí i bhFrithdhúnadh Bhaile Átha Cliath, idir timpeall 20,000 oibrithe agus 300 fostóirí. Lean sé ó 26 Lúnasa 1913 go dtí 18 Eanáir 1914, agus féachtar air mar an aighneas tionsclaíoch is géire agus is tábhachtaí i stair na hÉireann. An ghné is suntasaí san aighneas ná cead a bheith ag oibrithe bheith eagraithe i gceardchumann, agus go mbeadh cosaint ar chearta, pá agus cúinsí oibre.

Go leor díobh sin a throid i 1916 bhí baint acu le gluaiseacht lucht oibre, James Connolly agus Arm Cathartha na hÉireann. Bhí go leor de na cumannaigh nár theastaigh uathu troid mar go raibh siad ag fanacht ar réabhlóid domhanda oibrithe, gan baint ar bith le acu le náisiúin.

DÉAGÓIR 16 BL. D’AOIS, TEAGHLACH 4:

Níor luaigh Mollser duine ar bith as an ngluaiseacht seo ach bhí baint aige le cuid den athbheochan Gaelach mar shampla bunú Amharclann na Mainistreach, Conradh na Gaeilge agus CLG. Tá tusa tar éis dul isteach i gConradh na Gaeilge agus teastaíonn uait go mbeadh gach duine sa teaghlach ag labhairt Gaeilge. Is dóigh leat go bhfuil an Piarsach ar fheabhas, agus b’fhéidir go rachaidh tú isteach inÓglaigh na hÉireann.

NÓTA: Bhunaigh Dubhghlas de hÍde Conradh na Gaeilge i mBaile Átha Cliath 1893. D’eascair an Chonradh as Aontacht na Gaeilge agus b’é an eagraíocht is mó tábhacht ag iarraidh athbheochan na Gaeilge a chur chun cinn. D’fhoilsigh sé Irisleabhar na Gaeilge; an chéad nuachtán *An Claidheamh Soluis* (The Sword of Light), a raibh Pádraig Mac Piarais ina eagarthóir air.

An mana a bhí ag an gConradh ná Sinn Féin, Sinn Féin Amháin (Ourselves, Ourselves Alone). Bhí fáilte roimh mná mar bhaill ar aon leibhéal agus bhí siad in ann ról gníomhaíoch a ghlacadh i gceannasaíocht an Chonartha, mar shampla bunaitheoir an Chumann Liteartha Náisiúnta (Amharclann na Mainistreach níos déanaí), Lady Gregory.

Níor aontaíodh é leis an ngluaiseacht náisiúnta go dtí 1915, ach is ansin a bhuaill daoine as go leor eagraíochtaí náisiúnta ar a chéile don chéad uair. Bhí roinnt de shínitheoirí an Fhorógra ina mbaill. B’é an fórsa Óglaigh na hÉireann faoi cheannas Phádraig Mac Piarais an príomhfhórsa troda san Éirí Amach i 1916.

DÉAGÓIR 16 BL. D’AOIS, TEAGHLACH 5:

Labhraíonn Mollser faoina comharsa Bessie Burgess, atá dílis do Rí agus Banríon na Breataine, agus tá sí bródúil as a mac a bheith sna Royal Dublin Fusiliers. Ba mhaith leat dul isteach in Arm na Breataine agus páirt a ghlacadh sa chogadh. Is beag post atá ar fáil anseo agus tá teacht isteach maith leis an obair seo. Freisin, is féidir leat an baile a fhágáil agus dul chun na Fraince ar thóir eachtraíochta.

NÓTA: Bhí Eire fós mar chuid den Ríocht Aontaithe nuair a chuaigh sí i mbun cogaíochta leis na hImpearachtaí ón Ostair/ Ungáir agus na Turcaigh agus iad ag leathnú go míleata trasna na hEorpa. Thacaigh náisiúnaigh agus aondachtóirí leis an troid i dtosach, ach d’athraigh sin le himeacht aimsire. Throid 200,000 Éireannach sa chogadh agus fuair timpeall ar 30,000 bás. D’fhill go leor go hÉirinn agus iad gortaithe go han-dona, agus bhí go leor teaghlaigh ag brath ar phá cogaíochta agus ar phinsin na mbaintrí.

RÓLCHARTAÍ LE HAGHAIDH SEANTUISMITHEOIRÍ

SEANTUISMITHEOIR 1:

Tá an iomarca airgid caite agat ar hata duit féin nó do do bhean, agus caithfidh tú é seo a admháil don teaghlach.

SEANTUISMITHEOIR 2:

Ceapann tú go bhfuil an eitinn ar do gharpháiste.

SEANTUISMITHEOIR 3:

Is Caitliceach ceartchreidmheach tú agus téann tú ar Aifreann gach lá. Tá inní ort roimh Chumannaithe frith-creideamh agus Sóisialaigh.

SEANTUISMITHEOIR 4:

Mhair do mhuintir féin faoin tuath agus is cuimhin leo an méid a tharla i ndiaidh an Ghorta Mór. Ní raibh ach Gaeilge ag do mhuintir, agus bhí sé deacair orthu obair a fháil mar nach raibh a dhóthain Béarla acu. Creideann tú gur teanga na mbochtán an Ghaeilge anois.

SEANTUISMITHEOIR 5:

Is Poblachtach tú, agus ceapann tú go mba chóir d’Éireannaigh troid ar son chúis na hÉireann.

AN SAOL SNA TIONÓNTÁIN

Scéim Drámaíochta a léiríonn conas mar a bhí an saol i 1916
Le Sarah FitzGibbon

Seisiún 04

Fad: 1 uair an chloig

Fearas:

- *An Taispeántas Sleamhnán as Seisiún 2*

CÉIM 1 Iarr orthu machnamh ar conas a rinne Mollser cur síos ar an méid a chuala sí agus í ina suí ar an staighre sa tionóntán. Ag plé leis na grúpaí ar fad, cad iad na fuaimeanna a bheadh sa tionóntán? An mbeadh fuaimeanna éagsúla ann le linn tréimhsí eile sa ló? Roghnaigh daoine chun na fuaimeanna ar leith a dhéanamh. Ná déan dearmad ar na fuaimeanna sona ar nós canadh, gáire agus súgradh. Beidh orthu cuimhneamh ar na fuaimeanna ar leith, chun gur féidir leo úsáid a bhaint astu níos déanaí. Abair leo go mbeidh tusa ag stiúradh trí do lámh a ardú le haghaidh fuaim níos láidre, agus é á ísliú chun fuaim níos ciúine a fháil.

CÉIM 2 Déan an rang a dheighilt ina dhá leath.

Cruthóidh dream amháin fuaimdhreach den tionóntán, agus cloisfidh an dream eile é. Ansin déanfaidh siad malartú. Caithfidh an lucht éisteachta na súile a chlúdach nó a dhúnadh. Lig don lucht léirithe an fhuaimrian a chruthú agus tusa ag stiúradh ar feadh dhá nóiméad. Nuair a bhíonn an chéad dream críochnaithe, cuir ceist ar an dream eile cad a shamhlaigh siad nuair a bhí siad ag éisteacht. Cruinnigh na híomhánna, agus malartaigh na dreamanna.

CÉIM 3 Inis don rang go bhfuilimid chun léimt ar aghaidh go deireadh an chéid seo caite. Meabhraigh dóibh cad a dúirt Nadia faoi na daoine ins na tionóntáin a bheith scaipthe ar fud na cathrach go dtí Fionnghlas, Cabrach, Cromghlinn, Baile Fhormaid agus Baile Munna.

CÉIM 4 Roinn na grúpaí bpéirí, A agus B.

1980 atá ann. Grúpa A, siad siúd na teaghlach céanna atá fágtha sna tionóntáin. Tá staraithe chun agallamh a chur orthu chun na scéalta acu faoin saol ins na tionóntáin a bhailiú.

Grúpa B, is iad siúd na staraithe. Tabhair cúpla nóiméad dóibh chun smaoineamh ar an gcineál eolais ar mhaith leo a fháil ón agallamh. Iarr orthu smaoineamh ar cén sórt ceisteanna a chuirfidh siad chun an t-eolas sin a fháil.

Lig don Ghrúpa A machnamh ar a dteaghlaigh, agus céard is mian leo a rá. Meabhraigh dóibh go bhfuil siad sean, ach nach bhfuil siad lag san intinn. Iarr orthu ullmhú don agallamh, agus cathaoir a chur ar fáil don chuairteoir.

Nuair a thugann tusa an comhartha, cuireann B agallamh ar A.

CÉIM 5 Lig dóibh éirí as na rólanna, agus na hagallaimh a bhreacadh síos.

CÉIM 6 Abair leis na grúpaí go bhfuil sibh chun slán a rá leis na teaghlaigh ó na tionóntáin. Abair leo gur mhaith leat go ndéanfaidís leabhar a chruthú faoi na teaghlaigh go léir agus a scéalta. Ag baint úsáid as an ábhar ar fad atá cruthaithe acu, beidh am ranga ar fáil chun fillteán / leabhar a chur le chéile. Meabhraigh dóibh smaoineamh ar conas an fuaimdhreach agus an beochan íomhá ar íomhá / scannán a chur san áireamh.

GNÍOMHAÍOCHT MOLTA

Cruthaigh taispeántas as an obair go léir, le feiscint sa scoil.

AN NUACHTÁN ARD-OIFIG AN PHOIST 1916 AGUS NA HIARMHAIRTÍ

Scéim Drámaíochta Trí Sheisiúin, ag baint úsáid as an léigear ar Ard-Oifig an Phoist mar bhealach chun castacht an Éirí Amach a iniúchadh – le Sarah FitzGibbon

Seisiún 01

(Tabhair faoi deara go bhfuil an seisiún seo ag díriú ar chomhthéacs an Éirí Amach.)

Fad: 1 uair an chloig

Fearas:

- Íomhánna atá in Aguisín 2
- Aon ábhar nó foinse staire gur mian leat go n-úsáidfeadh siad ón gCuraclam Staire.
- [Cartlann Náisiúnta na hÉireann: An Bochtanas agus an tSláinte](#)
- [Cartlann Náisiúnta na hÉireann: Gailearaí an Bhochtanaís agus na Sláinte](#)

CÉIM 1 Mínigh don rang gur mian leat foghlaim faoin saol i mBaile Átha Cliath tuairim is 105 bliain ó shin. Cruinnigh na céad smaointe a thagann chucu maidir leis an saol sa chathair ag an am sin.

CÉIM 2 Taispeáin don rang na híomhánna ó Chumann Ríoga Ársaíochta na hÉireann atá in Aguisín 2. Más mian leat, is féidir leat a thuilleadh sonraí a chur ar fáil ón gCartlann Náisiúnta a thaispeánann cé chomh plódaithe is a bhí na tionóntáin.

CÉIM 3 Déan grúpaí, agus tabhair ábhar taighde do gach grúpa – nó dhá cheann más gá:

- » Bia agus uisce
- » Coinníollacha maireachtála agus teas
- » Obair
- » Saol an teaghlaigh agus Sláinte
- » Siamsaíocht

CÉIM 4 Lig do gach grúpa taispeántas a thabhairt ar an taighde a rinneadar. Iarr orthu íomhá reoite a chruthú bunaithe ar an ábhar a bhí acu, nó cad iad na rudaí a d’fhoghlaim siad, mar shampla, teaghlach agus fadhbanna sláinte acu. Taispeáin na híomhánna, agus stiúraigh smaointe na ndaltaí sna róil más mian leat, trí cheisteanna a chur maidir le cad atá ar intinn na gcarachtar ag an nóiméad sin.

CÉIM 5 Meabhraigh do na daltaí go raibh Oifig an Phoist mar an phríomh-phointe teagmhála idir na ndaoine agus an chuid eile den domhain. Bhí ana chuid daoine ag brath ar airgead a tagadh trí Oifig an Phoist, i bhfoirm pinsin chogaidh do na teaghlaigh ina raibh duine ag troid sa Chéad Chogadh Domhanda. Iarr ar gach grúpa smaoineamh ar liosta daoine ó gach aicme agus cúlra, agus cén fáth go n-úsáidfadh siad Oifig an Phoist.

IS FÉIDIR NA CARACHTAIR THÍOS A ÚSÁID MAR SHAMPLAÍ:

Leaid óg, gléasta go snasta. Tá a bholg lán le bricfeasta breá agus é ag siúl síos Sráid Grafton chun toisí a thógaint le haghaidh culaith nua éadaí. Buaileann sé isteach go hOifig an Phoist le cárta poist a chur chuig a Aintín atá ag íoc as an gculaith. Lá breá atá ann, agus seans go ndéanfaidh sé súil a chaochadh leis na hóg-mhná áille ar an slí.

Fear oibre a shaothraíonn go dian, agus é ag siúl abhaile ar an Satharn sa bháisteach. Tá a chuid pá ina phóca aige, ach ní mórán é. Tá sé ag iarraidh smaoineamh an gcuirfidh sé roinnt den airgead go dtí an mháthair i gCo. an Chláir, nó an t-iomlán a thabhairt dá bhean chéile do na páistí sa tionóntán mór. Tá sé bocht, agus má chuireann sé airgead chuig a mháthair, tá seans nach mbeidh a dhothain le hithe acu féin don tseachtain. Mothaíonn sé go dona. Bogann sé na boinn ina phóca agus é ag siúl sa bháisteach.

Ábhar altra ins an Rotunda ag feitheamh lena torthaí a fháil ó Oifig an Phoist. Ní maith lena hathair go bhfuil sí ina haltra, mar sin tá a máthair ag caitheamh aon phingin atá sábháilte aici chun íoc as an oiliúint agus lóistín. Má fhaigheann sí a teastas, gheobhaidh sí post, agus íocaíocht.

Mac léinn luibheolaíochta i gColáiste na Tríonóide, agus í ar dhuine d'fhíorbheagán ban a fuair cead chun staidéar ansin. Tá a tráchtas á seoladh sa phost aici le go ndéanfaí é a chló. Caithfear é a sheoladh inniu, nó ní bhainfidh sí a céim amach.

Baintreach cogaidh tagtha chun pinsin a céile a bhailiú. Déanadh dúliostáil air i ndiaidh an Fhrithdhúnta agus ní fhéadfadh sé aon obair a aimsiú. Chuaigh sé isteach san airm agus tá sé ag troid sa bhFrainc. Coinníonn an t-airgead an teaghlach ag dul, ach tá faitíos uirthi go mbeidh sé ar an liosta “Ar Iarraidh sa Chogadh” nuair a théann sí chun an t-airgead a bhailiú.

Páiste ag tuilleamh airgid ag iompar teachtaireachtaí le haghaidh comhlacht dlíodóirí, agus munar féidir leo a gcuid litreacha a chur nó a bhailiú, caillfidh sé a phost agus tá an t-airgead de dhíth ón teaghlach.

CÉIM 6 Iarr ar gach dalta spás a aimsiú dóibh féin agus tabhair píosa páipéir agus peann dóibh. Abair leo go gcabhróidh an liosta leo carachtar a aimsiú, agus go bhfuil tú chun ceisteanna a chur ar ball a dhéanfaidh na carachtair sin a fhorbairt níos faide.

- » Cén t-ainm atá ar do charachtar?
- » Cén aois atá ag do charachtar?
- » Cén bia is fearr le do charachtar? Meabhraigh dóibh faoin bhliain atá ann. Ní raibh pizza, nó sceallóga..
- » Cad é an dath is fearr le do charachtar?
- » Cad a chuireann áthas ar do charachtar? Caitheamh aimsire éigin?
- » Cad a chuireann brón ar do charachtar?
- » Cad a chuireann fearg ar do charachtar?
- » Cad atá mar ábhar bróid ag do charachtar?
- » An bhfuil rún ag do charachtar? Cad é? Ní gá gur rún mór é, díreach rud nach bhfuil ráite acu le héinne eile.

Coinnigh iad seo don chéad seisiún eile.

AN NUACHTÁN ARD-OIFIG AN PHOIST 1916 AGUS NA HIARMHAIRTÍ

Scéim Drámaíochta Trí Sheisiúin, ag baint úsáid as an léigear ar Ard-Oifig an Phoist mar bhealach chun castacht an Éirí Amach a iniúchadh – le Sarah FitzGibbon.

Scéim drámaíochta a nascann Drámaíocht le Stair, SPHE, agus Gaeilge.

Seisiún 02

Fad: 1 uair an chloig

Fearas:

- Na leatháin carachtair ón seisiún deireanach.

- Lá tirim agus clós scoile, mar go mbeadh sé go maith an seisiún seo a dhéanamh lasmuigh den seomra ranga.

- [The Irish Times: Cáisc 1916, Mar a Bhí an Tráth sin agus Anois](#)

Roimh an tSeisiún: iarr ar na daltaí na carachtair a chruthaíodar a mheabhrú dóibh féin.

CÉIM 1 Iarr ar an rang an cluiche seo a imirt. Siúlfaidh siad timpeall sa chlós ag coinneáil scoite amach óna chéile. Beidh ciall ar leith le comharthaí bualadh bos.

Bualadh bos amháin = stop

Dhá bhualadh bos = cas ar dheis

Trí bhualadh bos = tosaigh ag siúl

Meabhraigh dóibh a bheith sábháilte, agus go bhfuil siad in ainm is siúl leo féin. Bain triail as seo uair nó dhó.

CÉIM 2 Cuir an cluiche ar sos, agus iarr ar na daltaí siúl thart ar an gclós, ag samhlú go bhfuil baill difriúla dá gcoirp á stiúradh – m.sh. srón san aer, agus cén saghas carachtar a bheadh ansin, a brollach, agus ansaghas duine a dhéanadh sin; nó a nglúine, agus cén duine a shiúlfadh mar sin?

Cuir ar sos iad, agus iarr orthu smaoineamh ar na carachtair a chruthaigh siad, agus conas go mbeadh siadsan ag siúl. Mínigh go mbeidh sibh ag filleadh ar an gCluiche Bualadh Bos. Abair leo siúl sa chlós mar na carachtair atá cruthaithe acu, agus úsáid na comharthaí bualadh bos chun iarraidh orthu athrú ó na carachtair ar ais iontu féin arís.

CÉIM 3 Ag brath ar na grúpaí, déan iad a dheighilt ina A agus B. Beidh A mar na fórsaí Poblachtacha atá tar éis seilbh a ghlacadh ar Ard-Oifig an Phoist. Tá na baracáidí á gcosaint acu agus níl aon bhall den phobal á scaoileadh isteach acu. Lucht B, is iad siúd na carachtair atá ag iarraidh dul isteach in Ard-Oifig an Phoist. Ar chomhartha uaitse, lig dóibh an mhír seo a chruthú.

Iarr ar lucht B conas a bhraith siad nuair nár éirigh leo dul isteach in Ard-Oifig an Phoist, agus conas a bhraitheann siad anois faoi na Poblachtaigh. Malartaigh taobhanna. Beidh lucht B ina bPoblachtaigh, agus lucht A mar na carachtair a bhfuil géarghá acu dul isteach go hArd-Oifig an Phoist. Féach an féidir leo tathaint ar na fórsaí iad a scaoileadh isteach. Lig don mhír leanúint ar aghaidh ar feadh cúpla nóiméad, ansin déan plé ar conas a bhraith siad nuair nárbh fhéidir leo dul isteach.

CÉIM 4 Ag dul isteach arís, lig do na daltaí aon eolas nua atá bailithe acu a bhreacadh síos ar na leatháin carachtair.

Oscail an nasc Irish Times ar an gclár bán agus labhair faoi conas mar a tugadh an Helga isteach chun na reibiliúnaigh a chur faoi chos, agus an léirscrios den chathair a lean. Déan comhrá faoi conas mar a bhí sé cónaí tríd an Éirí Amach. Abair leis an rang go raibh ana chuid creachadóireachta sna siopaí agus gnólachtaí. Fuair 485 duine bás sa chúig lá den Éirí Amach. 54% dóibh siúd, sibhialtaigh ab ea iad, ag iarraidh roinnt oibre nó bia a lorg. Ina measc siúd bhí 40 páistí agus báibíní.

Mínigh dóibh cad a thiteann amach i ndomhan ficseanúil an tionóntáin ina bhfuil Mollser, ó dhráma *The Plough and the Stars* le Sean O’Casey. Faoi dheireadh an dráma, agus deireadh an Éirí Amach, faigheann Mollser bás den eitinn; déantar Mrs. Burgess a lámhach; bíonn cliseadh néarach ag Nora; agus faigheann Jack Clitheroe bás. Is iad Fluther, the Covey, Uncle Peter, máthair Mollser (Ginny Gogan) agus a báibín an dream a thagann slán.

AN NUACHTÁN ARD-OIFIG AN PHOIST 1916 AGUS NA HIARMHAIRTÍ

Scéim Drámaíochta Trí Sheisiúin, ag baint úsáid as an léigear ar Ard-Oifig an Phoist mar bhealach chun castacht an Éirí Amach a iniúchadh – le Sarah FitzGibbon

*Scéim drámaíochta a nascann Drámaíocht le Stair, SPHE, agus Gaeilge.
Má tá Scéim na dTionóntáin déanta agat cheana, léim chuig Céim 5, tar éis duit dul siar ar chúinsí maireachtála na linne sin.*

Seisiún 03

Fad: 1 uair an chloig

Fearas:

- Na leatháin carachtair cruthaithe sa dá sheisiún deireanacha, agus an nuachtán thíos - *The Irish Times*.

- [*Weekly Irish Times 13 Bealtaine 1916*](#)

- (*Más féidir leat, déan é a theilgean ar do chlár bán.*)

Bheadh sé go maith dá bhféadfadh an rang greim a fháil ar an bhfrapa agus é a mheá ina lámha féin, sa chás go bhfuil sé sin sábháilte agus praiticiúil. Ina éagmais sin, iarr ar gach páiste leathán mór páipéir a úsáid mar frapa, agus an dara leathán le scríobh air.

CÉIM 1 Is leagan é seo den leathanach tosaigh den nuachtán Irish Times ón tuairisciú a ndearna siad den tseachtain i ndiaidh an Éirí Amach. Iarr orthu an doiciméad a iniúchadh. Cad a deir sé faoin méid a tharla do na ceannairí? Cad a bhí ag tarlú timpeall na tíre? Cén príomhscéal a bhí ann? Cén príomh-íomhá?

Iarr orthu a bhreacadh síos ar an leathán mór páipéir, cad iad na hailt a sheas amach dóibh. Tabhair deis dóibh an leathán mór a fhilleadh chun go mbeidh sé cosúil le nuachtán.

CÉIM 2 Meabhraigh dóibh faoina gcarachtar. Iarr orthu seasamh suas, ansin suí síos amhail is go raibh siad iompaithe ina gcarachtar, ag suí ina dteach féin. Iarr orthu an nuachtán a léamh mar an charachtar sin. Iarr orthu machnamh ar conas a mhothaíonn siad faoin méid atá á léamh acu? D’fhéadfadh meascán mothúchán a bheith acu.

Iarr orthu – fós mar an charachtar – litir a scríobh chuig cara faoin méid a tharla dóibh ag an mbaracáid, agus conas mar a bhraitheann siad faoin Éirí Amach anois.

CÉIM 3 Roinn cuid de na litreacha.

CÉIM 4 Meabhraigh dóibh go raibh na rudaí a d’aimsigh Mollser sa bhosca clúdaithe leis an bpáipéar nuachtáin seo. Iarr orthu cinneadh a dhéanamh ina ngrúpaí maidir le cad a tharla do mháthair Mollser, Ginny Gogan, agus an báibín, ar an 8ú nó 9ú Bealtaine. Seachtain tar éis Éirí Amach na Cásca agus seachtain tar éis bás Mollser.

CÉIM 5 Meabhraigh dóibh faoin “gcluiche bualadh bos”. Iarr orthu trí íomhá reoite a chruthú. Tabharfaidh tusa nod dóibh bogadh ó íomhá amháin go híomha eile nuair a dheanann tú bualadh bos.

An chéad íomhá ná sochraid Mollser. An dara híomhá ná páipéar nuachtáin in úsáid le rudaí ón tionóntán a phacáil, cé atá fágtha agus cé atá san íomhá. An tríú híomhá ná cad a tharla do Ginny Gogan agus an báibín ina dhiaidh sin. Lig don ghrúpa an cinneadh a dhéanamh.

Lig dóibh na híomhánna a chleachtadh faoi dhó ar a laghad, ag bogadh ó cheann amháin go ceann eile le do bhualadh bos. Lig dóibh na híomhánna a thabhairt chun beatha ar feadh cúpla soicind. Déan plé leo maidir le cad a roghnaíodar le haghaidh Ginny Gogan agus an báibín.

Roinn na scéalta seo tríd na híomhánna reoite, nó míreanna beaga tobchumtha a d’fhás amach as na híomhánna, nó scéalaíocht i ngrúpaí – ag brath ar an rang.

AGUISÍN

Grianghrafadóireacht: ROS KAVANAGH



AGUISÍN 1

TÁBLA 16 – PRAGHSANNA MIONDÍOLA LE HAGHAIDH BIA I MBAILTE ÉIREANNACHA, 1914, AGUS UASDÁTAITHE LE HAGHAIDH 2014, AG BAINT ÚSÁID AS AN bPRAGHASINNÉACS TOMHALTÓIRÍ

MAIRTEOIL IN AGHAIDH AN LB.	8.0D	€3.67
CAOIREOIL IN AGHAIDH AN LB.	8.6D	€4.90
ISPÍNÍ MUICEOLA IN AGHAIDH AN LB.	8.7D	€4.90
BÁGÚN IN AGHAIDH AN LB.	9.2D	€4.90
IM, FEIRMEOIRÍ ÉIREANNACHA IN AGHAIDH AN LB.	12.6D	€6.12
CÁIS, IN AGHAIDH AN LB.	9.8D	€4.90
MARGAIRÍN, 1D GHRÁD, IN AGHAIDH AN LB.	7.6D	€3.67
MARGAIRÍN, 2RA GHRÁD, IN AGHAIDH AN LB.	6.2D	€3.67
BAINNE, ÚR, IN AGHAIDH AN CHÁIRT	2.5D	€1.22
UIBHEACHA, 1D GHRÁD, IN AGHAIDH DOSAEN	9.6D	€4.90
ARÁN, BUILÍN 2 LB.	3.2D	€1.22
PLÚR, TEAGHLACH, IN AGHAIDH 14 LB.	19.8D	€9.79
MIN CHOIRCE, IN AGHAIDH 14 LB.	21.1D	€11.02
RÍS, IN AGHAIDH CANNA LB.	2.8D	€1.22
PRÁTAÍ, SEAN, IN AGHAIDH 14 LB.	5.5D	€2.45
TAE, ARD-GHRÁD, IN AGHAIDH LB.	30.3D	€15.92
TAE, SAOR, IN AGHAIDH LB.	18.1D	€9.79
SIÚCRA, BÁN, GRÁNAITHE, IN AGHAIDH LB.	2.2D	€1.22
SIBH, IN AGHAIDH LB.	6.6D	€3.67


Foinse: "Retail prices in Irish towns of 500 inhabitants and upwards"
Léirítear praghsanna 1914 i bpingin (d), agus is ionann 8.6d agus 8.6 pingin, (i 1914 bhí 12 pingin i scilling amháin, agus 20 scilling i ngach punt.)
16 unsa in 1lb, 8d 1d cheannaigh sé 2 unsa

AGUISÍN 2

GRIANGHRAIF DE NA TIONÓNTÁIN



007_055 ©RSAI



RSAl05 ©RSAI



RSAl29 ©RSAI

AGUISÍN 2

GRIANGHRAIF DE NA TIONÓNTÁIN



RSAI67 ©RSAI



RSAI83 ©RSAI



RSAI91 ©RSAI

Seol na léirmheasanna críochnaithe agus pictiúir chuig:
Phil Kingston, Bainisteoir Pobail agus Oideachais
Amharclann na Mainistreach,
26 Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1, D01 K0F1

abbeytheatre.ie
#MeMollser #MiseMollser

